**RABHADH**

**Ná déan dearmad an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar.**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2010**

## STAIR – GNÁTHLEIBHÉAL

**(180 MARC)**

**DÉ CÉADAOIN, 16 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 3.30**

**STAMPA AN IONAID**

**SCRÚDUIMHIR**

**FREAGAIR GACH CEIST, 1, 2, 3 AGUS 4.**

**FREAGAIR NA CEISTEANNA 1, 2 AGUS 3 SNA SPÁSANNA ATÁ ANN CHUIGE SIN AR AN SCRÚDPHÁIPÉAR.**

**FREAGAIR CEIST 4 I DO FHREAGARLEABHAR.**

**CUIR AN PÁIPÉAR SEO ISTEACH LE DO FHREAGARLEABHAR, LE DO THOIL**

**1. PICTIÚIR**
(35 marc)

Déan staidéar ar na pictiúir – A1, A2, B, C1agus C2 – a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **PICTIÚIR A1 agus A2**

*Taispeántar seandálaithe ag obair ar láithreacha tochailte i bPictiúir A1 agus A2.*

(i) Cén sórt oibre atá á dhéanamh ag na daoine atá marcáilte mar **X**?

…………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………...(3)

(ii) Cad atá á dhéanamh ag an mbean atá marcáilte mar **Y**?

…………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………...(3)

(iii) Ainmnigh rud **amháin** nach foláir do sheandálaithe a bheith cúramach faoi le linn a bheith ag obair ar láithreacha tochailte.

…………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………...(3)

*(b)* **PICTIÚR B**

*I bPictiúr B taispeántar manaigh Chríostaí ag obair i mainistir.*

(i) Cén sort oibre atá á dhéanamh ag na manaigh?

…………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………... (3)

(ii) Cén t-ainm atá ar an seomra ina bhfuil an obair seo ar siúl?
Cuir tic (✓) sa bhosca cuí thíos:

Teach screaptra ☐ Clabhstra ☐ Ab ☐

(3)

(iii) Ainmnigh láthair **amháin** áit a raibh mainistir de chuid na Luath-Chríostaíochta in Éirinn **agus** ainmnigh an naomh atá luaite leis an láthair sin.

Láthair:…………………………………………………………………………

Naomh: ……………………………………………………………………... (4)

(c) **PICTIÚIR C1 agus C2.**

*I bPictiúir C1 agus C2 taispeántar caisleáin ón Mheánaois.*

(i) Cén t-ainm a thugtar ar an stíl caisleán atá le feiceáil i bPictiúr C1?

……………………………………………………………………………………...(4)

(ii) Luaigh cúis **amháin** gurbh in aice na habhann a tógadh an caisleán atá le feiceáil i bPictiúr C2.

………………………………………………………………………………………

……….……………………………………………………………………………..(4)

(iii) Cén fath go mbeadh an caisleán i bPictiúr C2 níos éasca le cosaint ná an caisleán i bPictiúr C1?

………………………………………………………………………………………

……….……………………………………………………………………………..(4)

(iv) Cé is moite de na caisleáin a thóg siad, tabhair sampla **amháin** eile den tionchar a bhí ag ionradh na Normannach ar Éirinn.

………………………………………………………………………………………

……….……………………………………………………………………………..(4)

**[Thall**

| 2. DOICIMÉID (35 marc) |
|---|

Déan staidéar ar na doiciméid, **1A, 1B agus 2**, a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **Doiciméad 1 agus 2**

*Cuntais atá sna doiciméid ar conas a ghníomhaigh tiarnaí talún éagsúla i Maigh Eo le linn an Ghorta Mhóir (1845-51).*

(i) I nDoiciméad 1A, cad a rinne an tiarna talún atá luaite ann chun cabhrú lena chuid tionóntaí?

..........................................................................................................................

..........................................................................................................................(3)

(ii) I nDoiciméad 1B, cén fáth a raibh na 'créatúir bhochta' ag iarraidh botháin a thógáil?

..........................................................................................................................

..........................................................................................................................(3)

(iii) Cén difríocht ba mhó a bhí ann idir ghníomhú an tiarna talún luaite i nDoiciméad 1A agus ghníomhú an tiarna talún luaite i nDoiciméad 1B?

..........................................................................................................................

..........................................................................................................................(3)

(iv) Luaigh **dhá** thoradh a bhí ar an nGorta Mór.

..........................................................................................................................

..........................................................................................................................(4)

(v) Foinsí príomha is ea na doiciméid seo. Cad is ciall leis an téarma *foinse phríomha*?

..........................................................................................................................

..........................................................................................................................(4)

*(b)* **Doiciméad 3**

*Sliocht is ea é seo as cuimhní cinn a scríobh an scríbhneoir Frank O'Connor. Déantar cur síos ann ar eachtra a tharla san áit a mbíodh sé ag obair i gCorcaigh beagán faoi bhun céad bliain ó shin. Léirítear ann an meon a bhí ag daoine éagsúla i leith na Gaeilge.*

(i) Cén fáth ar tháinig an fear san fhilleadh beag chuig cuntar na hoifige?

..........................................................................................................

..........................................................................................................(2)

(ii) Tar éis Cremin, cé a chuaigh amach chun labhairt leis?

..........................................................................................................(2)

(iii) *'Ceart go leor, Native, b'fhearr duit a fháil amach cad atá uaidh.'*
Cén fáth ar cuireadh O'Connor (Native) amach chun labhairt leis?

..........................................................................................................

..........................................................................................................(2)

(iv) Cárbh as don fhear san fhilleadh beag?

..........................................................................................................(2)

(v) Cén post a bhí ag a athair?

..........................................................................................................(2)

(vi) Nuair a shocraigh an fear gan tada ach Gaeilge a labhairt, ba chúis náire é don chuid is mó d'fhir na hoifige. Cén fáth gur chúis náire a bhí ann dóibh?

..........................................................................................................

..........................................................................................................(4)

(vii) Roghnaigh an téarma thíos a dhéanann an cur síos is fearr ar an gcineál foinse as ar tháinig Doiciméad 2. Cuir tic le ceann **amháin** agus mínigh an ceann atá roghnaithe agat.

*Alt nuachtáin* ☐ *Téacsleabhar staire* ☐ *Dírbheathaisnéis* ☐

..........................................................................................................

..........................................................................................................

..........................................................................................................(4)

| **3. CEISTEANNA GEARRFHREAGRA** |
|---|
| (60 marc) |

Freagair **DEICH** gcinn de na ceisteanna seo a leanas. Is fiú 6 mharc an ceann iad.

(i) Cé acu dáta is luaithe - 54 R.Ch. nó 42 A.D.?

………………………………………………………………………………………………(6)

(ii) Luaigh bealach **amháin** a ndéanann seandálaithe cinneadh cá ndéanfaidh siad tochailt.

………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………......(6)

(iii) Ainmnigh seirbhís **amháin** a chuir na mainistreacha luath-Chríostaí in Éirinn ar fáil don phobal áitiúil.

………………………………………………………………………………………………(6)

(iv) Ainmnigh **dhá** chontúirt a bhí roimh na daoine i mbaile mór le linn na Meánaoise.

………………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………………(6)

(v) Cad é an rud é *Gild* i mbaile mór de chuid na Meánaoise?

………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………......(6)

(vi) Luaigh fíric **amháin** mar gheall ar an oiliúint a fuair ridire le linn na Meánaoise.

………………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………………(6)

(vii) Cad é an rud é an Phlá Mhór sa Mheánaois?

………………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………………(6)

(viii) Mínigh mí-úsáid **amháin** a bhí ag roinnt leis an Eaglais Chaitliceach roimh an Reifirméisean.

………………………………………………………………………………………………(6)

(ix) Ainmnigh leasaitheoir reiligiúnach **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air **agus** an chathair nó an tír a luaitear leis.

Leasaitheoir: ……………………………………………………………………………

Tír nó cathair:……………………………………………………………………………. (6)

(x) Roghnaigh ceann de na téarmaí thíos a bhaineann le stair an Reifirméisin. Cuir tic le ceann **amháin** agus mínigh an téarma atá roghnaithe agat.

*Na 95 Téis* ☐ *Bulla an Phápa* ☐ *Réamhchinniúint* ☐

……………………………………………………………………………………………….

……………………………………………………………………………………………….(6)

(xi) Ainmnigh Plandáil **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi **agus** ainmnigh an rialtóir a bhí freagrach aisti.

Plandáil: …………………………………………… Rialtóir: ….…………………………(6)

(xii) Ainmnigh **dhá** bhealach a ndeachaigh na plandálacha i bhfeidhm ar Éirinn.

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………(6)

(xiii) Ainmnigh cúis **amháin** ar tharla Réabhlóid Thionsclaíoch sa Bhreatain.

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………(6)

(xiv) Ainmnigh modh iompair **amháin** a forbraíodh le linn na Réabhlóide Thionsclaíche.

…………………………………………………………………………………………………(6)

(xv) Roghnaigh ceann de na téarmaí thíos a bhaineann le *Cogadh na Saoirse in Éirinn*. Cuir tic le ceann **amháin** agus mínigh an téarma atá roghnaithe agat.

*Colún reatha* ☐ *Póilíní Cúnta* ☐ *An Scuad* ☐

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………(6)

**NÓ**

Luaigh mórathrú **amháin** a tháinig ar shaol na mban ón mbliain 1900 i leith.

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………(6)

(xvi) Ón staidéar atá déanta agat ar an g*Caidreamh Idirnáisiúnta san Fhichiú hAois*, luaigh cúis **amháin** ar thosaigh an Dara Cogadh Domhanda sa bhliain 1939.

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………(6)

(xvii) Ón staidéar atá déanta agat ar an g*Caidreamh Idirnáisiúnta san Fhichiú hAois*, luaigh eachtra stairiúil **amháin** a d'eascair as an Dara Cogadh Domhanda.

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………(6)

(xviii) Ainmnigh ceannaire polaitiúil **amháin**, taobh amuigh d'Éirinn, ón tréimhse 1945-1989 **agus** ainmnigh an tír lena raibh baint aige nó aici.

Ceannaire: ……………………………………………… Tír :……………….……………(6)

(xix) Roghnaigh ceann de na téarmaí thíos a bhaineann le *Caidreamh Idirnáisiúnta san Fhichiú hAois.* Cuir tic le ceann **amháin** agus mínigh an téarma atá roghnaithe agat.

*Blitzkrieg* ☐ *An Cogadh Fuar* ☐ *Impireacht* ☐ *An Cómhargadh* ☐

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………(6)

(xx) Luaigh cúis **amháin** a mbíonn an t-eolas i ndoiciméid stairiúla míchruinn uaireanta.

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………(6)

FREAGAIR AN CHEIST SEO A LEANAS I bhFREAGARLEABHAR AR LEITH

**4. PEARSANA SA STAIR**
(50 marc)

**Freagair A agus B**

**A.** Roghnaigh duine **amháin** de na daoine a ndéantar cur síos orthu thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin. Más mian leat, is féidir leat na leideanna a úsáid chun cabhrú leat i do fhreagra. Scríobh an teideal a roghnaíonn tú ag barr do chuntais.

(i) **Duine a chónaigh i sibhialtacht ársa taobh amuigh d'Éirinn.**

LEIDEANNA:
* Tithíocht
* Éadaigh agus bia
* Creideamh
* Nósanna adhlactha

(25)

(ii) **Taiscéalaí ainmnithe a bhí i gceannas ar thuras fionnachtana.**

LEIDEANNA:
* Luathshaol
* Fáthanna leis an turas
* Limistéar nua a taiscéaladh
* Torthaí an turais

(25)

(iii) **Ealaíontóir ainmnithe ón Athbheochan (Renaissance).**

LEIDEANNA:
* Luathshaol
* Oiliúint
* Pátrúin
* Saothair cháiliúla

(25)

**B.** Roghnaigh duine **amháin** de na daoine a ndéantar cur síos orthu thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin. Más mian leat, is féidir leat na leideanna a úsáid chun cabhrú leat i do fhreagra. Scríobh an teideal a roghnaíonn tú ag barr do chuntais.

(i) **Ceannaire réabhlóideach ainmnithe (sa Fhrainc, in Éirinn nó i Meiriceá) le linn Thréimhse na Réabhlóidí, 1770-1815.**

LEIDEANNA:
* Luathshaol
* Cúiseanna ar thacaigh sé nó sí leis an réabhlóid
* Príomheachtraí le linn na réabhlóide
* Deireadh saoil nó bás an duine

(25)

(ii) **Oibrí i monarcha nó i mianach i Sasana timpeall na bliana 1850 agus an tír i mbéal tionsclaithe.**

LEIDEANNA:
* Cúinsí oibre
* An saol i gcathair
* Caithimh aimsire
* Iarrachtaí a rinneadh chun an caighdeán maireachtála a fheabhsú

(25)

(iii) **Ceannaire polaitiúil Éireannach ainmnithe (Thuaidh nó Theas), le linn na tréimhse 1922-1985.**

LEIDEANNA:
* Luathshaol
* Príomhchuspóirí
* Polasaithe
* Torthaí a bhí ar na polasaithe seo

**NÓ**

**Seanduine ag caint faoi na hathruithe a tharla in Éirinn faoin tuath nó sna cathracha ón mbliain 1900 i leith.**

LEIDEANNA:
* Athruithe i gcúrsaí siamsaíochta
* Athruithe sa tithíocht
* Athruithe ó thaobh na hoibre de
* Athruithe i gcúrsaí cumarsáide

(25)